An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán 0067/2025**

## Chuig Boird Bhainistíochta agus Príomhoidí, Baill Foirne Teagaisc i mBunscoileanna agus Scoileanna Speisialta agus Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na mBord Oideachais agus Oiliúna.

## Curaclam na Bunscoile do bhunscoileanna agus scoileanna speisialta

## Clár Ábhar


1. **Réamhrá** ..... 1
2. **Sonraíochtaí curaclaim** ..... 2
3. **Dul chun cinn agus ailíniú** ..... 3
4. **Comhleanúnachas** ..... 3
5. **Leithdháiltí ama** ..... 3
6. **Tacú le Curaclam athfhorbartha na Bunscoile** ..... 4
7. **Curaclam athfhorbartha na Bunscoile a chur i bhfeidhm** ..... 4
8. **Amlíne tacaíochta** ..... 6
9. **Treoir maidir le Pleanáil Curaclaim Scoile Uile agus an Treoir nuashonraithe maidir le hUllmhúchán don Fhoghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnú** ..... 6
10. **Tuilleadh Faisnéise** ..... 7

**Aguisín 1: Amchlár Tacaí** ..... 8


## 1. Réamhrá

Is críochnaithe go rathúil anois atá athfhorbairt churaclam na bunscoile tar éis don Aire Oideachais agus Óige na cúig shonraíocht curaclaim a cheadú. Tagann an t-éacht sin sna sála ar an méid ollmhór oibre a chuir an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus an Roinn Oideachais agus Óige agus a cuid seirbhísí tacaíochta isteach i gcomhar le ceannairí scoile, múinteoirí, tuismitheoirí, leanaí, taighdeoirí, agus geallsealbhóirí ar fud na hearnála oideachais.

Is cloch mhíle shuntasach é críochnú an churaclaim athfhorbartha, rud a réitíonn an bealach le haghaidh foghlaim, teagasc agus measúnú ardchaighdeáin atá cuimsitheach agus fianaisebhunaithe, agus a aithníonn an ceart atá ag gach leanbh dul chun cinn a dhéanamh i ngach réimse dá gcuid foghlama agus forbartha. Leis an gcuraclam athfhorbartha, cuirtear le láidreachtaí Churaclam na Bunscoile 1999 chun bunchloch láidir a thabhairt ar ar féidir le gach leanbh bláthú. Chun é a chur i bhfeidhm, is gá díriú athnuaite a leagan ar fhís an churaclaim, á chinntiú go múnlaítear an fhoghlaim, an teagasc agus an measúnú d’aon ghnó chun tacú le cuimsiú, rannpháirtíocht, dul chun cinn, agus forbairt iomlánaíoch.

## 2. Sonraíochtaí curaclaim

Sa bhliain 2019, tugadh *Curaclam Teanga na Bunscoile* isteach do gach ceann de na ceithre chéim (naíonáin shóisearacha go rang a sé): Foilsíodh *Creatchuraclam na Bunscoile* i mí an Mhárta 2023, agus foilsíodh *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* ina dhiaidh sin i mí Mheán Fómhair 2023.

Agus iad ar fáil ar líne ag Bunscoil | Curriculum Online tá na sonraíochtaí curaclaim athfhorbartha ag teacht go hiomlán le *Creatchuraclam na Bunscoile* (2023), agus áirítear leo na nithe seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Oideachas Ealaíon*** | Leis an tsonraíocht seo, leagtar béim ar rannpháirtíocht ghníomhach leanaí mar dhéantóirí ealaíon atá cruthaitheach, oilte agus muiníneach. Glacann siad páirt in eispéiris foghlama atá leathan, cothromaithe agus spraíúil in Ealaín, Drámaíocht agus Ceol, agus bíonn scóip ann foirmeacha eile ealaíne amhail damhsa agus ealaíona na meán a iniúchadh. Trí na heispéiris sin, déanann leanaí naisc idir foirmeacha ealaíne, cuireann siad iad féin in iúl, gabhann siad do ghníomhaíocht ealaíonta, agus iniúchann siad saothair ealaíne ó chultúir áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. |
| ***Curaclam Teanga na Bunscoile*** | Leis an tsonraíocht seo, tugtar isteach na torthaí foghlama do Nuatheangacha Iasachta a dhíríonn ar fheasacht a chothú ar theangacha agus ar chultúir ag céim 3 (ranganna 3 agus 4). Ar an tslí sin, daingnítear an t-eolas atá ann cheana ar theanga nó ar theangacha, agus tógtar bonn láidir le haghaidh tríú teanga (T3) a fhoghlaim. Ag céim 4 (ranganna 5 agus 6), mar aon le feasacht a chothú ar theangacha agus ar chultúir, foghlaimeoidh leanaí conas cumarsáid a dhéanamh i dtríú teanga ag leibhéal atá sa raon idir an-bhunúsach agus bunúsach. |
| ***Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (STEM)*** | Baineann an tsonraíocht seo le tuiscint agus meas a ghnóthú ar ár dtimpeallachtaí áitiúla agus ar an domhan mór, agus nasctar léi eispéiris leanaí mar imscrúdaitheoirí, dearthóirí agus cruthaitheoirí. Tá dhá shonraíocht ag an réimse curaclaim seo, ceann amháin d'Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta agus an ceann eile do *Churaclam Matamaitice na Bunscoile* (2023). Chun tacú le naisc idir an dá shonraíocht sin, cuireadh iad le chéile i ndoiciméad curaclaim aonair d'Oideachas STEM. |
| ***Oideachas Sóisialta agus Imshaoil*** | Leis an tsonraíocht seo, cuirtear ar chumas leanaí iad féin a fheiceáil mar dhaoine den tsochaí a bhfuil cearta acu agus a bhfuil freagrachtaí orthu, agus tugtar de chumhacht dóibh rannchuidiú le nithe arb ábhar tosaíochta áitiúil, réigiúnach, náisiúnta, Eorpach agus domhanda iad. Cuimsíonn an réimse curaclaim seo Stair agus Tíreolaíocht na hÉireann agus Stair agus Tíreolaíocht idirnáisiúnta araon, mar aon le foghlaim faoi reiligiúin, creidimh agus cruinneshamhlacha. |

| | |
|---|---|
| ***Folláine*** | Leis an tsonraíocht seo, cuirtear béim ar na gnéithe idirnasctha fisiciúla, sóisialta, caidrimh, mothúchánacha agus spioradálta den fholláine, áit a ndírítear ar eolas, scileanna, coincheapa, meonta, dearcthaí agus luachanna a fhorbairt atá ríthábhachtach maidir le fás agus forbairt leanaí i gcoitinne. Cuimsíonn an réimse curaclaim seo Corpoideachas agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS). |

## 3. Dul chun cinn agus ailíniú

Ceann de na príomhnithe ar díríodh orthu le linn curaclam na bunscoile a athfhorbairt ba ea dul chun cinn agus ailíniú soiléir a chinntiú i bhfoghlaim leanaí. Agus an curaclam á fhorbairt, nuashonraigh CNCM *Aistear, Creatchuraclam na Luath-Óige* (2024) freisin. Chruthaigh sé sin deis chun foghlaim leanaí i suíomhanna luath-óige a nascadh lena n-eispéireas i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta. Tá súgradh agus foghlaim shúgartha ar áireamh ar fud Churaclam na Bunscoile anois chun tacú leis an nasc sin.

Mar an gcéanna, breithníodh ailíniú leis an g*Creat don tSraith Shóisearach* i gCéim 4. Fianaise air sin is ea na Príomhinniúlachtaí a cuireadh ar áireamh sa churaclam. Is Príomhinniúlachtaí iad sin a nascann go dlúth le Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí, rud a chinntíonn aistriú réidh do leanaí de réir mar a théann siad ar aghaidh.

Leis an gcuraclam athfhorbartha freisin, cuirtear leis an iomad gnéithe dearfacha den chleachtas reatha i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta. An tráth céanna, feabhsaítear foghlaim leanaí trí mhodhanna teagaisc agus cineálacha cur chuige measúnaithe níos fearr. Ar an tslí sin, tacaítear le heispéiris foghlama níos saibhre agus níos tarraingtí ar fud na gcéimeanna uile.

## 4. Comhleanúnachas

Cinntíonn comhleanúnachas go dtagann gach cuid den churaclam le chéile ar bhealach lánbhrí. Tugadh aird ar leith ar struchtúr comhsheasmhach a chothabháil ar fud réimsí agus céimeanna curaclaim.

Sainaithnítear sa churaclam deiseanna le haghaidh comhtháthú freisin, ionas gur féidir le leanaí naisc a dhéanamh idir réimsí difriúla foghlama. Ar an tslí sin, tacaítear le tuiscint níos doimhne agus seachnaítear athrá gan ghá, á chinntiú go mbíonn eispéiris foghlama loighciúil agus nasctha agus go mbíonn cuspóir leo.

## 5. Leithdháiltí ama

Tá leithdháiltí ama molta leagtha amach faoi dhá chatagóir i Creatchuraclam na Bunscoile | Curriculum Online (leathanaigh 38 agus 39): Íos-Am Curaclaim (leithdháiltí seachtainiúla agus míosúla); agus Am Solúbtha (leithdháiltí míosúla). Luaitear sa chreat go bhfuil ‘siad le húsáid go solúbtha mar a ullmhaíonn múinteoirí eispéiris foghlama shaibhre agus mar a fhreagraíonn siad do riachtanais foghlama na bpáistí thar thréimhse míosa (bunaithe ar thréimhse ceithre seachtaine)’.

Ó sheoladh an chreata sa bhliain 2023, tá an tsolúbthacht ag scoileanna na leithdháiltí ama molta a chur i bhfeidhm de réir mar is mian leo.

Le linn na bliana, féadfaidh scoil Am Solúbtha a úsáid le haghaidh ceann amháin, roinnt nó gach ceann de na nithe seo a leanas:

- Tréimhsí fada d'fhoghlaim dhomhain i gceann amháin nó níos mó de na cúig réimse curaclaim.
- Gníomhaíochtaí scoile uile nó rannpháirtíocht i dtionscnaimh agus imeachtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta.
- Tionscadal a phleanáil agus a chur i gcrích sa limistéar áitiúil.
- Díriú ar an bhfoghlaim a bhaineann leis na príomhinniúlachtaí.
- Úsáid a bhaint as cineálacha cur chuige oideolaíoch ar leith a dtéann tréimhsí fada ama chun tairbhe dóibh.
- An fhoghlaim a bhaineann le gné ar leith de Chlár an Phátrúin.

## 6. Tacú le Curaclam athfhorbartha na Bunscoile

Tacóidh CNCM leis an gcuraclam trí uirlisí úsáide curaclaim ar líne a fhorbairt, ar nithe iad lena dtabharfar treoir do mhúinteoirí agus lena gcothófar dul chun cinn san fhoghlaim de réir mar a bhogann leanaí trí na céimeanna éagsúla.

Beidh na nithe seo a leanas sna huirlisí úsáide:
**Treoir** a bhaineann le gnéithe tábhachtacha den oideachas bunscoile, amhail measúnú, agus pleanáil scoile/seomra ranga.

- **Samplaí** d'fhoghlaim leanaí ar fud na réimsí curaclaim agus na n-ábhar.
- **Ábhair thacaíochta** do mhúinteoirí lena dtugtar samplaí de chineálacha éifeachtacha cur chuige oideolaíoch, lena gcothaítear eispéiris foghlama shaibhre agus lena spreagtar naisc leis an mbaile agus leis an bpobal.

Cé go bhfuil ábhar tosaigh ar fáil faoi láthair, leanfar leis na huirlisí úsáide ar líne a fhorbairt sna blianta atá le teacht. Is féidir leat na huirlisí úsáide ar líne a rochtain ag Bunscoil | Curriculum Online.

## 7. Curaclam athfhorbartha na Bunscoile a chur i bhfeidhm

Aistear comhchoiteann foghlama agus athraithe do gach duine is ea an curaclam athfhorbartha a chur i bhfeidhm. Tógann an t-aistear sin ar eolas agus cleachtas atá ann cheana agus, trí chomhoibriú, comhroinnt agus idirphlé, tiocfaidh tuiscint níos doimhne ar an gcuraclam chun cinn chun tacú le cur i bhfeidhm lánbhrí. Beidh tabhairt isteach churaclam athfhorbartha na bunscoile ina próiseas céimneach dea-thacaithe a mhairfidh 6 bliana ar a laghad. Aithníonn sé sin go bhfuil am ag teastáil chun a chinntiú go dtarlaíonn an fhoghlaim agus an t-athrú ar luas a éascaíonn claochlú inbhuanaithe ar fud an chórais.

Agus í ag cur leis an tacaíocht fhairsing atá tugtha ag Oide agus ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) do *Churaclam Teanga na Bunscoile* agus do *Churaclam Matamaitice na Bunscoile* go dtí seo, cuirfear tús leis an tacaíocht sa scoilbhliain 2025/2026.

- Is bliain tosaigh a bheidh sa scoilbhliain 2025/2026, ar lena linn a dhíreofar ar *Chreatchuraclam na Bunscoile*.

- Ón scoilbhliain 2026/2027 ar aghaidh, féadfaidh scoileanna leas a bhaint as tacaíocht dhírithe i réimse curaclaim amháin gach bliain, agus tógfaidh sé dhá bhliain chun gach réimse a chur i bhfeidhm ina iomláine (féach fíor 1 thíos).

- Ón dara bliain ar aghaidh, beidh dhá réimse ar siúl ag an aon am amháin – ceann amháin sa chéad bhliain dá chur i bhfeidhm agus an ceann eile sa dara bliain dá chur i bhfeidhm. Cé go bhféadfaidh scoileanna ord an chuir i bhfeidhm a roghnú, ní mór an tsonraíocht **Folláine** a bheith ar cheann amháin den chéad trí réimse a roghnófar.

| Scoilbhliain | An Réimse Curaclaim a nDíreofar air (Bliain 1 dá Chur i bhFeidhm) | An Réimse Curaclaim a nDíreofar air (Bliain 2 dá Chur i bhFeidhm) | Nótaí |
|---|---|---|---|
| 2026/2027 | Réimse Curaclaim 1 | - | Roghnófar an chéad réimse agus cuirfear tús leis an bpróiseas cur i bhfeidhm dhá bhliain |
| 2027/2028 | Réimse Curaclaim 2 | Réimse Curaclaim 1 | Roghnóidh scoileanna an dara réimse, agus iad ag obair ar an dá réimse ag an aon am amháin |
| 2028/2029 | Réimse Curaclaim 3 | Réimse Curaclaim 2 | Leanfaidh an timthriall bliantúil leanúnach ar aghaidh<br>Ní mór tús a bheith curtha le cur i bhfeidhm na sonraíochta Folláine. |
| 2029/2030 | Réimse Curaclaim 4 | Réimse Curaclaim 3 | Leanfaidh an timthriall bliantúil leanúnach ar aghaidh |
| 2030/2031 | Réimse Curaclaim 5 | Réimse Curaclaim 4 | Cuirfear tús leis an réimse deiridh |
| 2031/2032 | - | Réimse Curaclaim 5 | Beidh gach réimse i bhfeidhm ina n-iomláine faoin scoilbhliain 2031/2032.<br><br>Más rud é go roghnóidh scoileanna bliain daingnithe a thógáil, fágfaidh sé sin go mbeidh gach réimse curaclaim i bhfeidhm ina n-iomláine faoin scoilbhliain 2032/2033. |

***Fíor 1***

- Ón scoilbhliain 2025/2026, más rud é go measfaidh siad go bhfuil siad réidh déanamh amhlaidh, féadfaidh scoileanna a roghnú tosú ag obair ar aon cheann de na sonraíochtaí nua curaclaim ar a luas féin. Leis an gcur chuige solúbtha sin, aithnítear go bhfuil gach scoil ar a haistear féin agus gur féidir go mbeidh sí ag céim dhifriúil ullmhachta chun gabháil don churaclam athfhorbartha. Ba cheart do

scoileanna a thabhairt faoi deara, áfach, nach mbeidh na tacaí agus na hacmhainní atá leagtha amach thíos ar fáil tráth níos luaithe ná an amlíne.

- Beidh bliain daingnithe roghnach ar fáil do scoileanna tráth ar bith le linn an phróisis cur i bhfeidhm. Fágfaidh sé sin go mbeidh scoileanna in ann cur i bhfeidhm aon réimse nua curaclaim a chur ar sos ar feadh aon bhliain chun díriú ar na réimsí curaclaim atá ar siúl cheana féin a neartú agus a leabú. Tá an bhliain daingnithe deartha chun solúbthacht a thabhairt do scoileanna dul chun cinn a dhéanamh ar luas a oirfidh dá gcomhthéacsanna uathúla, agus cur i bhfeidhm marthanach lánbhrí ar ardchaighdeán á chinntiú.

## 8. Amlíne tacaíochta

Soláthrófar raon tacaí chun cabhrú le scoileanna an curaclam athfhorbartha a chur i bhfeidhm. Is féidir mionsonraí faoin amlíne tacaíochta a fháil in Aguisín 1 thíos, agus iad leagtha amach freisin sa chumarsáid a eisíodh chuig scoileanna i ga_3rd-communication-re-primary-curriculum.pdf.

I dtús gach scoilbhliana, eiseoidh an Roinn cumarsáid chuig gach scoil ina mionsonrófar na tacaí a bheidh ar fáil don bhliain sin.

## 9. Treoir maidir le Pleanáil Curaclaim Scoile Uile agus an Treoir nuashonraithe maidir le hUllmhúchán don Fhoghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnú

Tá treoir á tabhairt i gcrích faoi láthair chun tacú le ceannairí scoile agus múinteoirí cur chun feidhme scoile uile an churaclaim athfhorbartha a phleanáil. Tá nuashonrú ar an Treoir maidir le hUllmhúchán don Fhoghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnú á thabhairt i gcrích freisin. Tá an obair sin faoi stiúir ag an Roinn Oideachais agus Óige, ag CNCM, ag CNOS agus ag Oide.

Is ionann pleanáil curaclaim scoile uile agus próiseas ina gcumasaítear do scoil príomhchinntí agus príomhchleachtais a ghabháil lena léirítear an dóigh a gcuirtear réimse curaclaim ar leith i bhfeidhm ina scoil féin agus díriú ar réimsí ina bhfuil feabhas ag teastáil. I gcomparáid le pleananna curaclaim atá ann cheana, beidh cuma dhifriúil ar na pleananna curaclaim lena dtacófar le cur i bhfeidhm *Chreatchuraclam na Bunscoile* agus na sonraíochtaí nua curaclaim, agus tiocfaidh athrú ar na pleananna sin le himeacht ama. Beidh na pleananna sofhreagrach do na hathruithe a bheidh ann ó thaobh cleachtais de, agus treorófar leo cur i bhfeidhm gach ceann de na sonraíochtaí curaclaim ar bhealach a oirfidh do chomhthéacs uathúil na scoile.

Sa bhliain 2021, d'fhoilsigh an Roinn Oideachais an doiciméad *Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim - Treoir do gach Bunscoil agus Scoil Speisialta*. Leis an treoir, tacaítear le múinteoirí i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta ullmhú don teagasc agus don fhoghlaim ar fud *Churaclam na Bunscoile* 1999 agus sonraíochtaí curaclaim níos déanaí. Tá na treoirlínte sin á nuashonrú chun tacú le curaclam lán-athfhorbartha na bunscoile.

Maidir leis na príomhtheachtaireachtaí agus na príomhchineálacha cur chuige atá leagtha amach sna treoirdhoiciméid sin, cuirfear iad san áireamh sa chlár foghlama gairmiúla agus sna tacaí foghlama gairmiúla a sholáthrófar.

## 10. Tuilleadh Faisnéise

Leis an gcuraclam athfhorbartha, tairgtear deis do gach duine glacadh le braistint athnuaite gníomhaithe agus úinéireachta i leith fhís an churaclaim.

Tá rún daingean ag an Roinn an tacaíocht is gá a thabhairt do scoileanna ionas gur féidir leo an curaclam a chur i bhfeidhm ina iomláine agus na tairbhí atá ag baint leis do gach leanbh a ghnóthú.

Leanfaidh Oide le tacaíocht a thabhairt do bhunscoileanna, agus leanfaidh CNOS le tacaíocht a thabhairt do scoileanna speisialta, ionas gur féidir leo *Curaclam Teanga na Bunscoile* agus *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* a chur i bhfeidhm go leanúnach. Leanfar le hacmhainní ar líne a fhorbairt freisin, amhail Uirlisí Úsáide ar Líne CNCM.

De réir mar a bhogaimid ar aghaidh, beidh cumarsáid thráthrialta/leanúnach ann chun tacú le múinteoirí agus ceannairí scoile. Déanfar cumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le leanaí freisin.

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil trí na suíomhanna Gréasáin seo a leanas:
www.gov.ie
www.ncca.ie
www.curriculumonline.ie
www.oide.ie
www.ncse.ie
www.languagesconnect.ie

Is féidir an Ciorclán seo a íoslódáil ó shuíomh Gréasáin na Roinne An Curaclam Bunscoile Nua

Mark Bohan

Mark Bohan
Príomhoifigeach
An tAonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta

22 Meán Fómhair 2025

An Roinn Oideachais
Department of Education

## Aguisín 1: Amchlár Tacaí

| 2024/2025 |
| --- |
| Sa tríú téarma den scoilbhliain 2024/2025, scaip Oide agus CNOS físeán idirghníomhaireachta ar gach bunscoil agus scoil speisialta.<br><br>Tugtar na nithe seo a leanas san fhíseán:<br>• Forbhreathnú ar *Chreatchuraclam na Bunscoile*.<br>• Faisnéis faoin tacaíocht atá ar fáil le haghaidh an curaclam a chur i bhfeidhm sa scoilbhliain 2025/2026 agus ina diaidh.<br><br>Tá san fhíseán freisin rannchuidithe ó Chigireacht na Roinne Oideachais agus Óige, ó CNCM, ó CNOS agus ó Oide.<br><br>Tá treoir dar teideal '*Conas is Féidir le Ceannaire Scoile an Físeán seo a Úsáid*' ag gabháil leis an bhfíseán, chun tacú le húsáid an fhíseáin i scoileanna. |

| 2025/2026 | | |
| --- | --- | --- |
| Éascóidh Oide foghlaim ghairmiúil do gach bunscoil, agus déanfaidh CNOS amhlaidh do gach scoil speisialta. Tríd an bhfoghlaim ghairmiúil:<br>• Tacófar le múinteoirí agus ceannairí scoile cur leis an tuiscint atá acu ar na teachtaireachtaí uileghabhálacha atá i g*Creatchuraclam na Bunscoile*.<br>• Tacófar le múinteoirí agus ceannairí scoile cur leis an tuiscint atá acu ar na sonraíochtaí nua curaclaim agus na sonraíochtaí sin a chur i bhfeidhm.<br>• Tacófar le múinteoirí agus ceannairí scoile athrú curaclaim a threorú ina gcomhthéacsanna scoile féin.<br><br>Tacóidh Teangacha Iar-bhunscoile Éireann/'Déanann Teangacha Nasc' le Nuatheangacha Iasachta a thabhairt isteach. | | |
| **Réimse dírithe** | **Modh soláthair** | **Spriocphobal** |
| Tacaíocht le haghaidh athrú curaclaim a threorú<br>***Oide / CNOS*** | Seimineáir Ghréasáin ar líne, agus clinicí 'buail isteach' ar líne a reáchtáil go minic | Ceannairí scoile |
| Leanúint de thacaíocht le haghaidh *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* a chur i bhfeidhm<br>***Oide / CNOS*** | Tacaíocht shaincheaptha ionscoile (ar iarratas) | Ceannairí scoile agus múinteoirí |
| Na bunghnéithe de na sonraíochtaí curaclaim a thabhairt isteach trí *Chreatchuraclam na Bunscoile* do gach bunscoil/scoil speisialta<br>***Oide / CNOS*** | Dhá cheann d'Eispéiris Foghlama Gairmiúla lae iomláin<br>**(Dúnadh scoile)** | Ceannairí scoile agus múinteoirí |

| | | |
|---|---|---|
| Clár uasoiliúna teanga do raon teangacha ***Teangacha Iar-bhunscoile Éireann/'Déanann Teangacha Nasc'*** | Cúrsaí uasoiliúna teanga ar líne agus i bpearsa a sholáthar i rith na bliana i gcomhar le soláthraithe, lena n-áirítear Ionaid Tacaíochta Oideachais, Forais Chultúir, Ambasáidí agus Institiúidí Ardoideachais. | Ceannairí scoile agus múinteoirí |
| Tacaíocht do mhúinteoirí agus scoileanna atá páirteach sa chlár 'Cuir Fáilte roimh Theangacha', agus díriú á leagan ar leanaí i ranganna 5 agus 6. ***Teangacha Iar-bhunscoile Éireann/'Déanann Teangacha Nasc'*** | Modúl deich seachtaine a sholáthar le linn an lae scoile amchláraithe, mar aon le seisiúin oiliúna ar líne do mhúinteoirí, ceannairí scoile agus teagascóirí ar cuairt. | Ceannairí scoile agus múinteoirí |
| Acmhainní a fhorbairt chun tacú leis an ngné inniúlachta teanga den tsonraíocht a chur i bhfeidhm ***Teangacha Iar-bhunscoile Éireann/'Déanann Teangacha Nasc'*** | Soláthar ar líne agus i bpearsa i rith na bliana | Ceannairí scoile agus múinteoirí |

## An scoilbhliain 2026/2027 ar aghaidh

Leanfaidh Oide agus CNOS le foghlaim ghairmiúil a sholáthar do bhunscoileanna agus scoileanna speisialta, lena n-áirítear ar bhonn scoile uile, de réir mar a leanann scoileanna leis na sonraíochtaí curaclaim a chur i bhfeidhm.

Leanfaidh Teangacha Iar-bhunscoile Éireann/'Déanann Teangacha Nasc' le tacú le huasoiliúint teanga agus le hacmhainní a fhorbairt i ndáil le Nuatheangacha Iasachta.

I dtús gach scoilbhliana, eiseoidh an Roinn cumarsáid chuig gach scoil ina mionsonrófar na tacaí a bheidh ar fáil don bhliain sin.